**Foireann Baile Bhaile Átha an Rí – Léirithe Suime**

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur tús le próiseas chun Plean do Lár an Bhaile ar dTús (LBT) a fhorbairt a bhaineann le Lár Bhaile Átha an Rí agus ba mhaith leo cuireadh a thabhairt don phobal áitiúil léirithe spéise a chur isteach chun Foireann Baile thiomnaithe LBT a chruthú. Is éard atá i gceist le Foireann Baile LBT ná grúpa de chónaitheoirí áitiúla, lucht gnó, ionadaithe pobail agus páirtithe leasmhara eile a thagann le chéile chun áit atá níos fearr le maireachtáil, le hoibriú, le staidéar agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh dá gceantar. Féadfaidh baill Fhoireann Baile LBT teacht ó earnálacha agus ó chúlraí éagsúla. Tá seasamh ar leith acu sa phobal le bheith ina 'saineolaithe áitiúla' ina gceantar agus le ról ceannaireachta a ghlacadh ar fhorbairt tionscadal a fhéadfaidh athruithe dearfacha fadtéarmacha a dhéanamh don bhaile.

Oibreoidh Foireann Baile LBT go dlúth leis an Oifigeach Athnuachana Baile agus le foireann ildisciplíneach Athnuachana na Comhairle. Ní mór do bhaill oibriú ar son an phobail ina iomláine seachas ar mhaithe leo féin nó ar mhaithe le duine aonair nó grúpa(í) ar leith.

Díreoidh plean LBT do Bhaile Átha an Rí ar théamaí leathana, ag aithint moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na téamaí seo, mar shampla, Oidhreacht Thógtha, Turasóireacht, na hEalaíona agus Cultúr, Geilleagar Áitiúil, saol i lár an bhaile, áiseanna pobail agus conláistí, gan ach roinnt acu a lua. Déan athbhreithniú ar Bheartas Lár an Bhaile ar dTús atá ar fáil ag:
https://www.gov.ie/en/publication/473d3-town-centre-first-policy/

Reáchtálfar cruinnithe don Fhoireann Baile go pearsanta gach mí nó gach coicís ag brath ar ualach oibre na Foirne, ní mór do bhaill foirne gealltanas a thabhairt go bhfreastalóidh siad ar na cruinnithe seo agus go n-oibreoidh siad i gcomhoibriú dearfach agus réamhghníomhach le baill foirne eile, le páirtithe leasmhara, leis an bpobal i gcoitinne agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tar éis deireadh a chur leis an nglao seo ar léirithe spéise, reáchtálfaidh an tOifigeach Athnuachana Baile ceardlann eolais chun tuilleadh eolais a thabhairt faoin bpróiseas agus faoi fhreagrachtaí bhaill na Foirne Baile. Iarrfar ar pháirtithe leasmhara a spéis a bheith mar bhall den fhoireann baile a dhearbhú arís, agus ina dhiaidh sin cruthófar gearrliosta iarratasóirí. Beidh uasmhéid de 12 bhall ag an bhPríomhfhoireann Baile, agus cruthófar foghrúpaí más gá chun cabhrú le tionscadail nó moltaí sonracha a eascraíonn as an bPlean LBT a chur chun cinn

Léirigh do chuid spéise, le do thoil, trí Fhoirm Léirithe Spéise a chur isteach ar ríomhphost chuig regeneration@galwaycoco.ie nó tríd an bpost go Foireann Athnuachana Uirbí & Tuaithe, Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíochta, Áras Tuaithe an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX.

Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná **Dé Luain** an 6 **Bealtaine 2024**

| Foireann Baile Bhaile Átha an Rí - Fóram Rannpháirtíochta | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | Athenry Town Team - Participation Forum<br>Project Ireland 2040<br>Building Ireland's Future |
|---|---|---|

| | |
|---|---|
| **Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith** | This form is also available in large print |
| **Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge** | |

| **Foirm Léirithe Spéise** | **Expression of Interest Form** |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| | An bhfuil tú i do bhall de ghrúpa Pobail/spóirt nó de ghrúpa eile? Má tá, tabhair sonraí thíos le do thoil | Yes/Tá No/Níl<br>☐ ☐ |
| Ainm an Ghrúpa Ionadaíochta: | Ainm an Ghrúpa/na nGrúpaí: (de réir mar is ábhartha) | |
| Ról an Ainmní: | Ról an Ainmní laistigh de ghrúpa atá ann cheana: | |
| | Cuir do réimse spéise in iúl, ná roghnaigh ach ceann amháin: | |
| | Cultúr & Oidhreacht Thógtha | ☐ |
| | Pobal & Spóirt agus caitheamh aimsire | ☐ |
| | Forbairt Eacnamaíoch & Turasóireacht | ☐ |
| | Folúntas agus Dearóiliú | ☐ |
| | Spásanna poiblí & sráid-dreacha | ☐ |
| | Timpeallacht nádúrtha & Bithéagsúlacht | ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | Cuir in iúl le do thoil cén fáth ar mhaith leat a bheith mar chuid d'fhoireann baile Bhaile Átha an Rí? | |
| | Dá mbeadh suim agat i ról ceannaireachta laistigh den Fhoireann Baile,<br>Roghnaigh ról amháin le do thoil: | |
| | Cathaoirleach | ☐ |
| | Rúnaí | ☐ |
| | Crann Taca an Bhaile | ☐ |
| Uimhir Theileafóin an Ainmní: | Contact Telephone number for Nominee: | |
| Ríomhphost an Ainmní: | Contact E-mail for Nominee: | |

| | | |
|---|---|---|
| Ainm (i mbloclitreacha): | Name (in block capitals): | |
| Sínithe ag: | Signed: | |
| Dáta: | Date: | |

| | | |
|---|---|---|
| **Seol an fhoirm ar ais chuig:**<br>**Athghiniúint Tuaithe**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Gaillimh**<br>**H91 H6KX** | Return to:<br>Regeneration Team<br>Galway County Council<br>Áras an Chontae<br>Prospect Hill<br>Galway<br>H91 H6KX | regeneration@galwaycoco.ie<br>www.gaillimh.ie<br>www.galway.ie |